Rewarding Learning

| Uimhir Lárionaid | |
|---|---|
| 71 | |

| Uimhir Iarrthóra |
|---|
| |

General Certificate of Secondary Education
2013–2014

# Eolaíocht: Teastas Singil

## Aonad 1 (Bitheolaíocht)

## Bonnsraith

**[GSS11]**

**DÉ MÁIRT 13 BEALTAINE 2014, MAIDIN**

GSS11

**AM**

1 uair an chloig.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**


Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
Scríobh do fhreagraí sna spásanna chuige sin sa scrúdpháipéar seo.
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 60 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **9**.

| Don Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |
| **Marc Iomlán** | |

**1** Taispeánann an léaráid thíos córas atáirgthe na mban.




**(a) (i)** Cuir an litir cheart in aice le hainm gach páirte leis an tábla a chomhlánú. Tá litir amháin ann nach mbeidh in úsáid.

| **Ainm** | **Litir** |
|---|---|
| Ubhagán | |
| Ceirbheacs | |
| Ubhaducht | |

[3]

**(ii)** Cuir **X** ar an léaráid sa pháirt ina bhfásann an babaí. [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b) (i)** Anseo thíos tá dhá mhodh frithghiniúna. Línte in úsáid agat, déan gach modh a nascadh leis an dóigh a gcoisceann sé toircheas.

| Modh | An dóigh a gcoisceann an modh toircheas |
|---|---|
|  Piollairí frithghiniúnacha | Coisctear speirm ag dul isteach sa bhean |
| *© DuÜan Zidar/iStock/Thinkstock* | Stoptar an babaí ag fás |
|  Coiscín | Athraítear leibhéil hormón i mná agus coisctear scaoileadh uibhe |

*© zagorskid/ iStock/Thinkstock*

[2]

**(ii)** Ainmnigh modh frithghiniúna a chuideoidh le hionfhabhtú ó ghalar gnéas-tarchurtha a chosc.

_______________________________ [1]

**(iii)** Cad é an chuid de chóras atáirgthe an fhir a ghearrtar in obráid vaiseachtóime.

Roghnaigh ó:

**péineas : feadáin speirme : faireog phróstatach**

_______________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin
Marcanna | Athmharc

**2** Anseo thíos taispeántar biashlabhra.


© LoopAll/iStock/Thinkstock


© Ingram Publishing/Thinkstock


© JensGade/iStock/Thinkstock


© GlobalP/iStock/Thinkstock

crann darach → bolb → éan beag → sionnach

**(a)** **(i)** Cad é a chuireann na saigheada sa bhiashlabhra in iúl dúinn?

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Cad é an fhoinse bia do na biashlabhraí uilig?

______________________________ [1]

**(b)** Taispeánann an tábla thíos líon gach ainmhí i limistéar beag thar thréimhse trí bliana.

| **Ainmhí** / **Bliain** | **Bolb** | **Éan beag** | **Sionnach** |
|---|---|---|---|
| 2006 | 600 | 250 | 6 |
| 2007 | 400 | 320 | 3 |
| 2008 | 200 | 580 | 1 |

**(i)** Luaigh fadhb **amháin** a bhaineann le líon na n-ainmhithe a chomhaireamh.

_______________________________________________

_______________________________________________ [1]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(ii)** Luaigh an treocht atá á taispeáint ag líon na sionnach agus na n-éan beag thar thréimhse trí bliana.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

**(iii)** Luaigh míniú don athrú ar líon na n-éan beag.

______________________________________________________________________

______________________________________________________________________ [1]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

3 **(a)** Comhlánaigh na habairtí seo a leanas faoi dhrugaí.


Roghnaigh ó:

**suaimhnithe** **mheabhrach** **antaibheathaigh** **andúile** **cócaon**

Féadann drugaí staid fhisiceach nó staid ________________ daoine a athrú. Is dhá dhrugaí mhídhleathacha iad cannabas agus ________________ a chaitheann daoine. Nuair a chaitear cannabas thig leis mothú ________________ a chruthú. [3]

**(b)** Tá Mark 25 bliain d'aois agus ólann sé alcól go rialta. Ní ólann Anna, atá an aois chéanna, alcól a choíche.

Taispeánann an léaráid thíos an comhrá a bhí acu ar éifeachtaí alcóil.




**(i)** Cad é a chiallaíonn an téarma 'ragús óil'?

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh éifeacht dhochrach **amháin** a bhíonn ag alcól ar an tsochaí.

______________________________________________ [1]

**(iii)** An t-eolas atá curtha ar fáil in úsáid agat, mínigh cad chuige a n-ólann Mark alcól ach ní ólann Anna alcól.

Mark ______________________________________________


______________________________________________

Anna ______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**4** Taispeánann an léaráid thíos artaire a chaolaigh mar gheall ar charnadh substaint shailleach.




**(a)** Ainmnigh an tsubstaint shailleach sa léaráid a charnann san artaire agus caolaíonn sé dá bharr.

Roghnaigh ó:

**colaistéaról** **siúcra** **snáithín**

_______________________________ [1]

**(b)** An léaráid thuas agus do chuid eolais in úsáid agat, luaigh cad é a tharlóidh, b'fhéidir, má tá an tsubstaint shailleach ag blocáil artaire a théann chuig an mhatán a mbuaileann an croí dá bharr.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|

**(c)** Tá an Ghníomhaireacht Sláinte Poiblí i ndiaidh feachtas a lainseáil le daoine a spreagadh méid a gcoime a laghdú trí roinnt athruithe a dhéanamh sa stíl mhaireachtála acu. Is féidir le méadú ar an riosca ar ghalar croí agus ar dhiaibéiteas a bheith mar thoradh ar an mhéadú ar méid na coime.




*© Public Health Agency*

Tá méadú ar an méid aclaíochta sa stíl mhaireachtála ar na hathruithe a mholann siad.

**(i)** Luaigh athrú amháin eile sa **stíl mhaireachtála** a d'fhéadfadh muid a dhéanamh a chuideodh linn an riosca a laghdú a bhaineann le galar croí a fhorbairt.

_______________________________________________ [1]

Is riocht é diaibéiteas nuair nach bhfuil an corp ábalta leibhéil ghlúcós fola a rialú.

**(ii)** Luaigh **dhá** éifeacht fhadtéarmacha a bhaineann le diaibéiteas.

1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

**(iii)** Luaigh **dhá** fháth a bhfuil cóireáil diaibéitis iontach costasach.


1. _______________________________________________

2. _______________________________________________ [2]

5 Sa tábla thíos, taispeántar roinnt gnéithe de chúig speiceas de chait mhara.

| Speiceas cat mara | Dath | Cruth ar eite eireabaill | Spotaí |
|---|---|---|---|
| **Cainéal** | Liath | Gabhlach | Tá |
| **Gorm** | Bánghorm | Gabhlach | Níl |
| **Iasc ceannchothroim** | Donn | Cearnógach | Níl |
| **Ceann tairbh donn** | Donn | Cruinn | Níl |
| **Siúl** | Liath | Cruinn | Tá |

**(a)** An fhaisnéis sa tábla agus san eochair in úsáid agat, sainaithin na speicis chait mhara **A**, **B** agus **C**.




[2]

Scrúdaitheoir Amháin

| Marcanna | Athmharc |
|---|---|
| | |

**(b)** Tháinig an cat mara siúil ón Áise ó dhúchas ach tugadh isteach go Florida é agus taobh istigh de 10 mbliana d'fhairsingigh sé ar fud 20 contae. Thig leis aer a análú nuair a bhíonn sé taobh amuigh den uisce agus, nuair a bhaineann sé úsáid as na heití tosaigh spíonacha aige, thig leis 'siúl' ó linn go linn, mar a gcothaíonn sé é féin ar éisc. Tá an clú ar an chat mara siúil gur speiceas iomaíoch ionrach é.

An fhaisnéis seo agus do chuid eolais in úsáid agat, freagair na ceisteanna thíos.

**(i)** Luaigh **dhá** oiriúnú ag an chat mara siúil a ligeann do fairsingiú go gasta.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(ii)** Seachas a bheith ag fairsingiú go gasta, luaigh **dhá** ghné eile a bhaineann leis na 'speicis iomaíocha ionracha' uilig.


______________________________

______________________________

______________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**6** Cuireadh an turgnamh seo a leanas i dtreoir le himscrúdú a dhéanamh ar éifeacht dhéine an tsolais ar fhótaisintéis. Cuireadh an lampa ag faid slí dhifriúla ón phlanda agus rinneadh comhaireamh ar líon na mboilgeog gáis sa nóiméad.





Taispeántar torthaí an turgnaimh thíos.

| **Fad slí an lampa ón phlanda/cm** | **Líon na mboilgeog sa nóiméad** |
|---|---|
| 5 | 50 |
| 10 | 45 |
| 15 | 36 |
| 20 | 20 |
| 25 | 8 |
| 30 | 8 |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
| --- | --- |
| Marcanna | Athmharc |

**(a)** Bain úsáid as na torthaí seo le líneghraf a bhreacadh ar an eangach thíos.




[3]

**(b) (i)** Ainmnigh an gás a tháirgtear le linn an turgnaimh seo.

_______________________________ [1]

**(ii)** Cuir síos ar agus mínigh torthaí an imscrúdaithe seo.

_______________________________________________

_______________________________________________

_______________________________________________


_______________________________________________ [3]

**(c)** Leis an chuid is mó solais a fháil, is minic a fhásfaidh planda i dtreo sholas na gréine.

Cad é a thugtar ar an fhreagairt seo ar sholas?

_______________________________ [1]

7 Rinne dhá ghrúpa imscrúdú ar chion fuinnimh bia agus bhain gach grúpa úsáid as modh difriúil mar a léirítear thíos. Bhí na modhanna go díreach mar an gcéanna ach amháin gur bhain Grúpa 1 úsáid as ábhar inslithe teasa.




Tá na torthaí ar taispeáint thíos ach tá dhá luach ar iarraidh.

**(a)** Comhlánaigh an **dá** luach atá ar iarraidh sna táblaí.

**Grúpa 1**

| Bia | Teocht ag an tús/°C | Teocht ag an deireadh/°C | Ardú teochta/°C |
|---|---|---|---|
| bagún | 18 | 64 | 46 |
| brioscáin | 18 | 52 | 34 |
| briosca | 18 | 42 | |

**Grúpa 2**

| Bia | Teocht ag an tús/°C | Teocht ag an deireadh/°C | Ardú teochta/°C |
|---|---|---|---|
| bagún | 18 | 54 | 36 |
| brioscáin | 18 | | 26 |
| briosca | 18 | 36 | 18 |

[2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** Bain úsáid as an fhaisnéis a chuirtear ar fáil lena mhíniú ina iomláine, cad chuige a raibh na harduithe teochta a fuair Grúpa 2 níos ísle ná na cinn a fuair Grúpa 1.

______________________________________________


______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |
| | |

**8 (a)** An graf thíos, taispeánann sé na rátaí ailse chraicinn (líon sa 100 000) sa RA (*UK*) idir 1975 agus 2010.




*Adapted from: © Cancer Research UK http://www.cancerresearchuk.org/cancer-info/cancerstats/types/skin/incidence/uk-skin-cancer-incidence-statistics 2013*

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(i)** Luaigh **dhá** thátal a d'fhéadfaí a bhaint as an fhaisnéis a chuirtear ar fáil.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

Cuireann dlí úr i Sasana agus sa Bhreatain Bheag cosc ar dhaoine faoi bhun 18 mbliana d'aois úsáid a bhaint as leapacha gréine.



© Boris Kaulin/iStock/Thinkstock

**(ii)** Cuir síos ar agus mínigh an éifeacht a bheadh ag an dlí úr seo ar rátaí ailse chraicinn go ceann deich mbliana amach anseo.

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

**(b)** An tábla thíos, taispeánann sé an dóigh a dtéann aois máthar i bhfeidhm ar an riosca go mbeadh páiste le siondróm Down aici.

| Aois máthar/blianta | An riosca go mbeadh páiste aici le siondróm Down |
|---|---|
| 25 | 1 as 1350 |
| 30 | 1 as 940 |
| 35 | 1 as 350 |
| 40 | 1 as 85 |
| 45 | 1 as 35 |
| 50 | 1 as 10 |

Is féidir tástáil a dhéanamh lena fháil amach an bhfuil siondróm Down ar pháiste sula mbeirtear é. Ach tá riosca 1% (1 as 100) go mbeidh breith anabaí (go gcaillfear an babaí) mar gheall ar an tástáil seo.

**(i)** Bain úsáid as an fhaisnéis a chuirtear ar fáil lena mhíniú ina iomláine cad chuige a dtairgtear an tástáil seo de ghnáth do mháithreacha atá os cionn 35 bliain d'aois amháin agus nach dtairgtear é do mháithreacha atá faoi bhun 35 bliain d'aois.

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [2]

**(ii)** Taobh amuigh den riosca atá i gceist, luaigh fachtóir **amháin** eile a dtiocfadh leis dul i bhfeidhm ar chinneadh máthar maidir leis an tástáil a ghlacadh nó gan í a ghlacadh.

______________________________________________

______________________________________________ [1]

**(c)** Is athruithe ar ábhar géiniteach i gcealla coirp is cúis le hailse chraicinn agus le siondróm Down araon. Luaigh an t-ainm ginearálta a chuireann síos ar athrú ar ábhar géiniteach.

______________________________ [1]

**9** Rinneadh antaibheathach iomlán nua agus neamhghnách a eastóscadh ó mhiocrorgánach muirí a fhaightear in California.

Cuir síos ar na céimeanna a mbeadh ar an antaibheathach seo dul tríothu sula bhféadfadh dochtúirí é a ordú go sábháilte.

Ba chóir na rudaí seo a bheith sa chuntas agat:

- ainmneacha gach céime agus an rud atá i gceist
- na cúiseanna le gach céim
- saincheist eiticiúil amháin atá i gceist

**Sa cheist seo, measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

[6]

| Scrúdaitheoir Amháin | |
|---|---|
| Marcanna | Athmharc |

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

113166